

Ceisteanna Coitianta

Eolas faoin gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.

1. Cén fáth a bhfuil Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí á thabhairt isteach?

Tá Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí á thabhairt isteach ag Fáilte Ireland le haghaidh gach áit lóistín ar chíos gearrthéarmach do thurasóirí in Éirinn.

Is é an aidhm atá ag Fáilte Ireland, faoi threoir bheartas Tithíochta do Chách an Rialtais, a cheangal ar aon pháirtí a thairgeann áit lóistín ar bhonn gearrthéarmach do thurasóirí (dá ngairtear "Lóistín a Ligean ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí" nó "STTL") a bheith cláraithe ar Chlár agus uimhir chlárucháin bhailí arna heisiúint ag Fáilte Ireland a bheith acu.

Beidh leasuithe atá le teacht ar na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta 1939 – 2016 mar thaca ag an gClár seo.

2. Cad iad na ceanglais maidir le húinéirí réadmhaoine Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí?

Is iad seo a leanas na ceanglais d'úinéirí réadmhaoine:

- A chinntiú go bhfuil réadmhaoin cláraithe le Fáilte Ireland chun uimhir chlárucháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a fháil.
- A chinntiú go gcuirfear faisnéis chruinn úinéara agus réadmhaoine (Eircode san áireamh) ar fáil agus réadmhaoin Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach á clárú.
- A chinntiú go gcomhlíonann gach réadmhaoin atá cláraithe na oibleagáidí reachtúla ábhartha (teastaíonn féindearbhu le haghaidh clárucháin le Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí).
- Uimhir chlárucháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a sholáthar d'ardán áirithe agus fógra á chur isteach.
- Uimhir chlárucháin bhailí um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí nuair a fhógraítear a réadmhaoin.

3. Conas a chláróidh mé?

Beidh an córas clárucháin ar líne trí thairseach chlárucháin thiomnaithe de chuid Fáilte Ireland. Chun réadmhaoin a chlárú, beidh úinéirí réadmhaoine nó tríú páirtithe ábalta clárú go tapa ar an tairseach trí úsáid a bhaint as a seoladh ríomhphoist, sonraí an úinéara agus sonraí na réadmhaoine a ionchur (Eircode san áireamh), a dheimhniú go gcomhlíonann siad na oibleagáidí reachtúla ábhartha (trí bhíthin féindearbhaite) agus táille chlárucháin a íoc. Gheobhaidh siad uimhir chlárucháin uathúil láithreach le haghaidh gach réadmhaoine cláraithe.

4. An mbeidh Eircode ag teastáil uaim chun clárú?

Beidh ort an Eircode a chur isteach don réadmhaoín / na réadmhaoine a bheifear ag clárú. Mura bhfuil Eircode agat, beidh tacaíocht do chustaiméirí ábalta cuidiú leat i ndiaidh sheoladh an chórais clárúcháin ar líne.

5. Cathain a chláróidh mé?

Nuair a shíneofar reachtaíocht ina dlí, seolfar Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí Fáilte Ireland do gach lóistín gearrthéarmach turasóirí in Éirinn go luath ina dhiaidh sin.

Ó achtú na reachtaíochta i leith, beidh ar úinéirí réadmhaoine agus ar ardáin áirithinte uimhir chlárúcháin bailí um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a thaispeáint agus réadmhaoín á fógairt acu.

Tabharfar tréimhse sé mhí ó sheoladh an Chláir um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmacha do Thurasóirí d'úinéirí réadmhaoine atá ag feidhmiú laistigh den earnáil lena sheiceáil an bhfuil aon oibleagáidí reachtúla ann a bhaineann lena réadmhaoín ar gá dóibh iad a chur san áireamh nó a bhfuil soiléiriú ag teastáil ina leith. Ar ndóigh, is féidir le húinéirí réadmhaoine tús a chur leis an bpróiseas sin anois sula seolfar an clár. Gheobhaidh na daoine a bhainfidh leas as an tréimhse shoiléirithe sé mhí ag an bpointe clárúcháin uimhir chlárúcháin bhailí STTL lena mbeidh siad ábalta an réadmhaoín a fhógairt ó sheoladh an Chláir i leith.

6. Cad a bheidh le déanamh agam le m'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí?

Ceanglófar ar úinéirí réadmhaoine uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí de chuid Fáilte Ireland a thaispeáint ar gach ardán áirithinte (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin réadmhaoine) agus ar gach fógra.

7. An féidir liom réadmhaoín a chlárú thar ceann duine éigin eile?

Is féidir le tríú páirtí an clárúcháin le haghaidh réadmhaoine um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a chomhlánú thar ceann úinéirí réadmhaoine, lena dtoiliú. Ní mór don duine a chomhlánóidh an fhoirm chlárúcháin a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn siad fíor agus ceart. Tabhair do d'aire, le do thoil, agus an fhoirm chlárúcháin ar líne á comhlánú agat féin, gurb é an duine atá ainmnithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a chuirfear sa roinn dar teideal "Úinéir Réadmhaoine", agus beidh úinéir na réadmhaoine freagrach as a chinntiú go bhfuil a réadmhaoín Lóistín a Ligeán ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí cláraithe.

8. An mbeidh orm aon doiciméid a uaslódáil? An mbeidh cruthúnas ar chead pleanála de dhíth orm chun clárú?

Ní bheidh ort aon doiciméid a uaslódáil agus tú ag clárú. Ba cheart aon cheisteanna atá agat maidir le cead pleanála a chur chuig d'Údarás Áitiúil (féach C16 agus C17 thíos chun tuilleadh eolais a fháil faoi na riachtanais maidir le cead pleanála).

9. Cá fhad a ghlacfaidh sé chun réadmhaoín Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thursóirí a chlárú?

Ceanglófar ar úinéirí réadmhaoine nó ar thríú páirtithe clárú ag baint úsáid as seoladh ríomhphoist a bhailíochtófar sula gcruthófar pasfhocal, agus ní ghlacfaidh sé sin ar fad ach nóiméad nó dhó. Nuair a bheidh tú sínithe isteach, beidh an tairseach chlárúcháin ar fáil chun do réadmhaoín/réadmhaoine a chlárú. Braithfidh an fad ama a ghlacfaidh sé sin ar líon na réadmhaoine a bheidh á gclárú. Má tá an t-eolas ar fad lámh leis an duine a bheidh ag clárú e.g. Eircode, sonraí íocaíochta etc., agus na sonraí faoi réadmhaoín amháin á gcur isteach acu díreach, níor cheart go nglacfaidh sé níos mó ná 5 nóiméad an próiseas iomlán a chur i gcrích. Is féidir iarratais a shábháil agus a chomhlánú ag tráth níos déanaí, agus féadfar roinnt réadmhaoine a chlárú ag aon am amháin.

10. Cad a tharlóidh nuair a chláróidh mé mo réadmhaoín?

- Nuair a chláróidh tú do réadmhaoín/réadmhaoine gheobhaidh tú deimhniú maidir le d'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thursóirí, beidh sé sin bailí ar feadh 12 mhí ón dáta eisiúna.
- Beidh ort d'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thursóirí a thaispeáint ar gach ardán áirithinte (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin réadmhaoine) agus ar gach fógra.
- Taispeánfar do réadmhaoín ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thursóirí a bheidh ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Fáilte Ireland.

11. An mbeidh mé ábalta logáil isteach grúpa ar an tairseach ar líne le haghaidh réadmhaoine iomadúla a chur ar bun?

Beidh. Beifear ábalta réadmhaoine iomadúla a chlárú trí logáil isteach/focal faire amháin a úsáid ar an tairseach um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thursóirí.

12. Cad iad na táillí a bheidh i gceist?

Fógrófar na táillí clárúcháin go luath. Agus muid ar an eolas faoi na dúshláin atá le sárú ag teaghlaigh agus gnólachtaí, coinneofar na táillí chomh híseal agus is féidir.

13. Cad is turasóir ann?

Duine a thaistealaíonn óna áit nó óna háit chónaithe, chun cuairt a thabhairt ar an Stát, a shaoire nó a saoire a chaitheann sa Stát nó a thaistealaíonn laistigh den Stát.

14. Céard is ardán ar líne ann?

Is éard is ardán ar líne ann ná margadh digiteach/idirlíonbhunaithe, inar féidir Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thursóirí a fhógairt.

15. Conas a oibreoidh an Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí?

Ní mór do pháirtí ar bith a thairgeann lóistín ar feadh tréimhsí suas le 21 oíche agus é sin san áireamh bheith cláraithe le Fáilte Ireland. Is féidir le húinéirí réadmhaoine nó tríú páirtithe clárú trí thairseach ar líne atá tapa agus so-úsáidte, ina ndéanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Sonraí an úinéara agus na réadmhaoine (Eircode san áireamh) a ionchur.
- A dheimhniú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí reachtúla (trí bhíthin féindearbhairthe).
- An táille chlárúcháin a íoc (clár bliantúil a bheidh anseo a bheidh le hathnuachan gach bliain).

Nuair a bheidh siad cláraithe gheobhaidh siad uimhir chlárúcháin láithreach a sholáthróidh siad do gach ardán ar líne agus gach suíomh gréasáin ar a bhfógrófar nó ar a liostófar a réadmhaoin.

Sula bhfógrófar réadmhaoin, ní mór d'ardáin áirithe sonraí na réadmhaoine a sheiceáil i gcoinne Chlár Fáilte Ireland agus ní mór dóibh gan ach réadmhaoin a bhfuil uimhir chlárúcháin bhailí Fáilte Ireland acu a fhógairt.

Beidh Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí Fáilte Ireland ar fáil i bhfíor-am do na hardáin áirithe. Cuirfear teicneolaíocht an Chláir faoi thástáil tosaigh i mí Feabhra 2023. Oibreoidh Fáilte Ireland le hardáin áirithe ar réiteach teicniúil chun fíorú na n-uimhreacha chlárúcháin a uathoibriú lena chinntiú go mbeidh an próiseas chun liostú a chur isteach le haghaidh fógra ar ardán tapa agus simplí.

Beidh rochtain ag Údarás Áitiúla freisin ar Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí Fáilte Ireland, áit ar féidir leo réadmhaoine ina gceantair a sheiceáil agus má fhaightear nach bhfuil an cead pleanála riachtanach le haon cheann díobh, féadfaidh siad sonraí a chur faoi bhráid Fáilte Ireland a bhainfidh an réadmhaoin den Chlár agus a chuirfidh in iúl d'ardáin áirithe nár cheart an réadmhaoin a fhógairt a thuilleadh.

Beidh na hÚdarás Áitiúla freagrach fós as gach feidhm Phleanála, lena n-áirítear monatóireacht agus forfheidhmiú orthu.

Níl réadmhaoin atá cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí Ceadaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland. Tá tuilleadh faisnéise faoi bheith Dearbhaithe agus ceadaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland faoin gCreat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta ar fáil anseo [Dearbhú Cáilíochta Fáilte Ireland](#).

Ceisteanna maidir le ceanglais maidir le pleanáil.

Tá feidhmeanna pleanála, lena n-áirítear monatóireacht agus forfheidhmiú na rialachán pleanála ábhartha, fós faoi fhreagracht an Údarás Áitiúil ábhartha. Ní bheidh ról ag Fáilte Ireland maidir le pleanáil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-athrófar nó nach nuashonrófar na ceanglais reatha maidir le pleanáil nó nach n-imreofar tionchar orthu mar gheall ar thabhairt isteach an Chláir um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.

16. Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoi rialacháin agus ceanglais maidir le pleanáil?

Tá feidhmeanna pleanála, lena n-áirítear monatóireacht agus forfheidhmiú na rialachán pleanála ábhartha, fós faoi fhreagracht an Údaráis Áitiúil ábhartha. Ní bheidh ról ag Fáilte Ireland maidir le pleanáil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-athrófar nó nach nuashonrófar na ceanglais reatha maidir le pleanáil nó nach n-imreofar tionchar orthu mar gheall ar thabhairt isteach an Chláir um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.

Féach le do thoil ar threoir reatha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach - (gov.ie - [Ciorclán PL 04/2019 - Rialachán Nua maidir le Lóistín a Ligeán ar Chíos Gearrthéarmach \(www.gov.ie\)](#)). Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoirínite nua pleanála a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun soiléireacht a sholáthar agus iarratais phleanála á gcinneadh maidir le lóistín a ligeán ar chíos gearrthéarmach. Cuirfidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Fáilte Ireland leis na treoirínite nua sin bunaithe ar na ceisteanna atá á bhfáil againn maidir leis na rialacháin phleanála.

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Fáilte Ireland ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lena chinntiú go mbeidh soiléireacht ann don earnáil turasóireachta maidir le ceanglais phleanála maidir le Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.

17. Mura bhfuil stádas pleanála mo réadmhaoine ar eolas agam, an féidir liom áirithintí a ghlacadh don bhliain seo?

Tabharfar tréimhse sé mhí ó sheoladh an Chláir um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmacha do Thurasóirí d'úinéirí réadmhaoine atá ag feidhmiú laistigh den earnáil chun stádas a réadmhaoine a sheiceáil agus/nó iarratas a dhéanamh ar chead pleanála um athrú úsáide. Gheobhaidh daoine a bhainfidh leas as an tréimhse shoiléirithe sé mhí uimhir chlárúcháin bhailí STTL lena mbeidh siad ábalta a réadmhaoine a fhógairt ó sheoladh an Chláir fad is a bheidh a stádas pleanála á shoiléiriú.

Feidhmeoidh sé sin mar shocrú idirthréimhseach tábhachtach do sholáthraithe a bhfuil lóistín tairgthe acu agus a bhfuil a lóistín curtha in áirithe do na míonna amach romhainn, mar aon le roinnt cosanta a sholáthar don earnáil i gcoitinne agus iad ag leanúint ar aghaidh ag pleanáil agus ina dhiaidh sin.

Is féidir le húinéirí réadmhaoine leanúint le háirithintí a ghlacadh ag an bpointe seo. A luaithe a sheolfar an Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí, áfach, ní bheifear ábalta réadmhaoine a fhógairt a thuilleadh gan uimhir chlárúcháin bhailí.

Ina theannta sin, is é an dearcadh atá ag Fáilte Ireland gur chóir d'Údaráis Áitiúla cur chuige réasúnta agus cothrom a ghlacadh maidir le cead pleanála a thabhairt i leith lóistíní turasóireachta nach mbeidh mar thoradh air go mbainfear réadmhaoine a bheidh, mar gheall ar a sonraíocht nó a suíomh, mí-oiriúnach lena ligeán ar chíos fadtéarmach den mhargadh turasóireachta gearrthearmaí. Leanfaidh Fáilte Ireland ag obair le páirtithe leasmhara maidir leis sin de réir mar a bheidh an reachtaíocht a bheidh mar bhonn is mar thaca ag an gClár tugtha chun críche.

18. Cén fáth ar roghnaíodh an tairseach 21 oíche?

Is é an dearcadh atá Fáilte Ireland, i gcomhthéacs mhargadh na turasóireachta, go mbeidh fanacht gearrthéarmach/saoire ar siúl go ginearálta thar thréimhse trí seachtaine ar a mhéad, i.e. 21 oíche, mar sin mheasamar go raibh sé cuí an tairseach sin a shocrú don Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.

Tugaimid faoi deara go bhfuil difríocht idir an sainmhíniú ar Lóistín a Ligean ar Chíos Ghearrthéarmach faoi rialacháin eile e.g. sainmhínte faoi rialacháin phleanála atá ann cheana. Mar sin féin, tá difríocht idir an bonn taca don Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí agus na ceanglais atá leagtha amach sa reachtaíocht/rialacháin phleanála i dtéarmaí an chuspóra agus an toraidh atá beartaithe.

Níl an Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí ceaptha chun dlí phleanála a chur i bhfeidhm. Fuarthas na sainmhínte dá bhforáiltear faoin dréacht-Bhille ó dhearcadh turasóireachta.

Clár reatha lóistíní Fáilte Ireland.

Forbraíodh Creat Náisiúnta um Dhearbhu Cáilíochta Fáilte Ireland chun deimhniú a thabhairt do chuariteoirí go bhfuil íoschaighdeán atá aitheanta go náisiúnta i bhfeidhm d'áiteanna lóistín turasóireachta. Dearadh an creat freisin chun caighdeán a choimeád agus a fhorbairt ar fud thionscal na n-áiteanna lóistín do thurasóirí agus chun tacú le forbairt gnólachtaí aonair lóistíní turasóireachta.

19. Cad é sainchúram Fáilte Ireland maidir le caighdeán agus rialacháin maidir le háiteanna lóistíní do thurasóirí a bhainistiú?

Feidhmíonn Fáilte Ireland an Creat Náisiúnta um Dhearbhu Cáilíochta ina gcuimsítear cineálacha agus stíleanna éagsúla um áiteanna lóistín do thurasóirí. Tá sé mar aidhm leis an gCreat Náisiúnta um Dhearbhu Cáilíochta siombailí agus caighdeán seirbhíse atá so-aitheanta a sholáthar do thomhaltóirí a bhfuil muinín acu astu. Agus é ag obair le soláthraithe turasóireachta, is mian le Fáilte Ireland a chinntiú go gcomhlíonfaidh na caighdeán sin ionchais na dtomhaltóirí, go gcuideoidh siad le hiarrachtaí margaíochta, agus go dtacódh siad le forbairt táirgí.

Ní mór do gach stíl lóistín turasóireachta na rialacháin ábhartha nó critéir na gcaighdeán íosta a chomhlíonadh. Cuirfidh Fáilte Ireland fáilte roimh aon áiteanna lóistín turasóireachta ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí páirt a ghlacadh sa Chreat Náisiúnta um Dhearbhu Cáilíochta agus cuideoidh sé leo leis sin. Déan teagmháil linn ar 0818 888800 nó qualityassurance@failteireland.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

NÓTA: Ní chiallaíonn clárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí go bhfuil an réadmhaoin Dearbhaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland. Cuirfear fáilte roimh aon réadmhaoin atá cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí í nach bhfuil ina gcuid den Chreat Náisiúnta um Dhearbhu Cáilíochta cheana féin iarratas a dhéanamh más mian leo é sin a dhéanamh.

20. Cad é an difríocht idir an Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach agus an Creat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta?

Forbraíodh Creat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta Fáilte Ireland chun deimhniú a thabhairt do chuairoteoirí go bhfuil íoschaighdeán atá aitheanta go náisiúnta i bhfeidhm d'áiteanna lóistín turasóireachta. Dearadh an creat freisin chun caighdeán a choimeád agus a fhorbairt ar fud thionscal na n-áiteanna lóistín do thurasóirí agus chun tacú le forbairt gnólachtaí aonair lóistíní turasóireachta.

Ní chiallaíonn clárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí go bhfuil an réadmhaoín Dearbhaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland. Ní dhéanfar measúnú cáilíochta ar lóistín atá cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí ach féadfar é a iniúchadh - táthar ag súil, áfach, go gcomhlíonfaidh gach soláthraí a riachtanais reachtúla.

21. Má táim ar an nGearrliosta don Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí, an mbeidh mé liostaithe ar DiscoverIreland.ie?

Ní chiallaíonn clárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí go mbeidh réadmhaoín liostaithe ar DiscoverIreland.ie. Chun do réadmhaoín a liostú ar shuíomh gréasáin Discover Ireland ní mór go mbeidh Dearbhú Cáilíochta faighte agat ó Fáilte Ireland le haghaidh do réadmhaoine agus beidh ort an t-eolas riachtanach atá le fáil ar ár [leathanach Margaíochta](#) a chomhlánú.

An gá dom clárú?

22. Ní ligim seomra ar cíos ach ó am go chéile, an mbeidh orm clárú?

Ní mór do gach úinéir réadmhaoine a bhfuil Áiteanna Lóistín á ligean ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí acu ar feadh tréimhsí suas go dtí 21 oíche agus é sin san áireamh a réadmhaoín a chlárú le Fáilte Ireland. Beidh gá d'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a athnuachan gach bliain.

23. Ligim seomra ar cíos do mhic léinn in aghaidh an tseimeastair, an mbeidh orm clárú?

Ní bheidh. Má ligtear d'áit lóistín ar cíos ar feadh tréimhse níos faide ná 21 oíche ní bheidh uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí ag teastáil uait.

24. An mbeidh ar sholáthraithe áiteanna lóistín do mhic léinn clárú?

Beidh ar sholáthraithe áiteanna lóistín do mhic léinn a ligean a gcuid réadmhaoine ar cíos ar feadh tréimhsí suas go dtí 21 oíche agus é sin san áireamh a réadmhaoín a chlárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.

25. Ligim seomra ar cíós ar bhonn buan, an mbeidh orm clárú?

Ní bheidh. Má ligtear d'áit lóistín ar cíós ar feadh tréimhse níos faide ná 21 oíche ní bheidh uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí ag teastáil uait.

26. I gcás ina bhfuil aonaid iomadúla ar réadmhaoín, nach mbeidh gá ach le huimhir chlárúcháin amháin?

Ní bheidh ach uimhir chlárúcháin amháin ag teastáil má tá na haonaid á bhfógairt faoin liosta amháin. Má tá na haonaid á bhfógairt ar leithligh, beidh uimhreacha clárúcháin aonair ag teastáil uathu.

27. Cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann mura gcláraíonn tú/mura cloíonn tú?

Beidh fógraí íocaíochta seasta de €300 ann a bheidh Fáilte Ireland ábalta a ghearradh ar úinéirí réadmhaoine a fhógraíonn a réadmhaoín gan uimhir chlárúcháin bhailí Fáilte Ireland. Ina theannta sin, tá an rogha ag Fáilte Ireland an cás a thabhairt os comhair na cúirte dúiche i gcás go bhfuil an fhíneáil uasta suas le €5,000.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbaineann roinnt cionta le húinéirí réadmhaoine atá faoi dhliteanas fíneálacha nó príosúnachta. Áirítear leis na cionta sin:

- Gan clárú bailí nó uimhir chlárúcháin bhailí a bheith agat le haghaidh réadmhaoín Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.
- Gan uimhir chlárúcháin bhailí um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a thaispeáint agus an áit á fógairt.
- Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí nach bhfuil cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a chur chun cinn/a fhógairt/a thairiscint ar shlí eile.
- Bac a chur ar imscrúdú oifigigh údaraithe lena n-áirítear faisnéis a choinneáil siar.
- Faisnéis bhréagach/mhíthreorach a sholáthar d'Fáilte Ireland.

Maidir le hardáin áirithinte - is féidir le Fáilte Ireland fíneálacha suas le €5,000 a ghearradh ar gach liostú neamhbhailí as réadmhaoine a fhógairt gan uimhreacha bailí ó Fáilte Ireland.

28. Cad a tharlóidh mura ndéanaim an clárúchán um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí le haghaidh réadmhaoine cláraithe a athnuachan?

12 mhí i ndiaidh clárú, ní mór duit d'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí a athnuachan mar go rachaidh an uimhir in éag. Eiseofar meabhrúcháin athnuachana roimh an dáta éaga. Mura ndéanann tú do chlárú a athnuachan, bainfead an réadmhaoín den Chlár agus beidh an uimhir chlárúcháin a d'eisigh Fáilte Ireland neamhbhailí.

Ceanglais maidir le hardáin áirithinte.

29. Cad iad na ceanglais maidir le hardáin ar líne?

Is iad seo a leanas na ceanglais maidir le hardáin ar líne:

- A chinntiú go dtaispeánfar uimhir chlárúcháin bhailí in áit fheiceálach ar fhógraí faoi Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.
- Réimse sainithe a chur san áireamh ina bhféadfaidh úinéirí réadmhaoine uimhir chlárúcháin a ionchur agus fógra á chur isteach acu.
- Na huimhreacha clárúcháin a bhailíochtú sula bhfoilsítear fógra.
- Íosmhéid na n-oícheanta fanachta a chur ar an bhfógra (agus réimse chun é sin a ionchur).
- Aon úsáideoir a sholáthraíonn ábhar 'ar léir go bhfuil sé mídhleathach' go minic a chur ar fionraí.
- Tuairiscí rialta a chur faoi bhráid Fáilte Ireland maidir le réadmhaoine cláraitheum Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.
- Tuarascálacha ar mhodhnóireacht ábhair a fhoilsiú uair sa bhliain ar a laghad.

30. Cá háit a gcaithfear íoslíon oícheanta fanachta na réadmhaoine a thaispeáint ar ardán áirithinte?

Ceanglaítear leis an reachtaíocht bheartaithe ar ardáin uimhir chlárúcháin bhailí agus an t-íosmhéid oícheanta a bheidh áiteanna Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí ar fáil le haghaidh fanachta a thaispeáint. Cé nach bhfuil aon cheanglais shonracha ann maidir le cá háit go díreach a thaispeánfar an fhaisnéis sin, ní mór go mbeidh sé le feiceáil nuair a bheidh turasóir ag féachaint ar fhógra le haghaidh áit Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach do Thurasóirí.